Jons Civil Engineering – John Cradock JV Ltd.
Oifig an tSuímh, Bóthar Shráid an Mhuilinn, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí

Tagairt/Reference: POD/G09/2024/C143
Dáta/Date: 07/02/2024
**Tionscadal: Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne go Maigh Chromtha**
**Ábhar: Dúnadh Acomhal Bhaile Bhuirne ar bhóthar an N22 le teacht.**

A Chónaitheoir/Úinéir Gnó, a chara, tá mé i dteagmháil leat thar ceann an chonraitheora maidir leis an tionscadal N22BBM, Jons Civil Engineering-John Cradock JV Ltd.

Seo chun tú a chur ar an eolas go bhfuil sé ar intinn againn Acomhal Bhaile Bhuirne a dhúnadh ar bhóthar an N22 **a thosóidh Dé Luain 19 Feabhra 2024** , chun an dromchla deiridh ar an dá thimpeallán ag an acomhal seo agus na bóithre áitiúla máguaird a éascú. Dúnadh 24 uair an chloig is ea é seo. Cé go bhfuil sé beartaithe go leanfadh an dúnadh seo ar feadh coicíse, déanfar gach iarracht an t-am a theastaíonn an bóthar a dhúnadh a laghdú, agus gan ach oibreacha riachtanacha pábhála ar siúl le linn an dúnta, agus an bóthar á oscailt arís nuair a bheidh na hoibreacha rí-thábhachtacha déanta. Go hidéalach, beidh na hoibreacha bóthair críochnaithe sa chéad seachtain. Iarrtar ar úsáideoirí bóithre ar mian leo úsáid a bhaint as Acomhal Bhaile Bhuirne úsáid a bhaint as an gcéad acomhal eile ar phríomhlíne nua an N22 thoir ag an Tonn Láin, lastoir de shráidbhaile Bhaile Mhic Íre ar feadh tréimhse an dúnta. Coimeádfar rochtain ar na bóithre áitiúla L-92201 ag an Sliabh Riabhach agus L-92208 ag Doire na Sagart ar feadh tréimhse an dúnta. Osclóidh Acomhal Bhaile Bhuirne arís don trácht tráthnóna **Dé hAoine 23 Feabhra 2024.**

Más rud é, áfach, nach bhfuil an dromchla bóthair críochnaithe, tá sé i gceist againn Acomhal Bhaile Bhuirne a dhúnadh arís Dé Luain 26 Feabhra, go dtí go mbeidh na hoibreacha críochnaithe.

Cuirfear comharthaí ar bhealaí atreoraithe don tréimhse dúnta agus moltar do thrácht a bheidh ag taisteal soir ar an N22 an t-acomhal ag an Tonn Láin a úsáid le haghaidh rochtana go Baile Bhuirne, Baile Mhic Íre, Cúil Aodha agus Cill na Martra.

Le ceart, ní bheidh aon tionchar ag an dúnadh ar thrácht a bheidh ag taisteal siar ar bhóthar an N22.

**Atreoruithe Tráchta don tréimhse dúnta:**

- **Díreofar trácht ag taisteal soir ar an N22** chun úsáid a bhaint as an acomhal ag an Tonn Láin.
- **Beidh ar thurais ag taisteal siar ó Bhaile Bhuirne nó ó Bhaile Mhic Íre** úsáid a bhaint as an acomhal ag an Tonn Láin.
- **Moltar do thrácht a bheidh ag dul siar ó Chill na Martra** ar bhóthar an R-618 rochtain a fháil ar an N22 ag acomhal an Tonn Láin .
- **Díreofar trácht ó Chúil Aodha a bheidh ag taisteal siar** agus í ag druidim leis an mbóthar R-618 in aice le Tábhairne an Mhuilinn chun dul soir go dtí Acomhal an Tonn Láin chun rochtain a fháil ar an N22.

Ba mhaith liom mo leithscéal a ghabháil as an mhíchaoithiúlacht a éireoidh as an dúnadh bóthair seo agus is féidir liom a chinntiú go ndéanfaidh an conraitheoir na hoibreacha seo chomh mear agus is féidir, chun an cur isteach a choimeád chomh héadrom agus is féidir. Má tá aon amhras ort nó ceist agat maidir leis an méid seo thuas, tar ar ais chugam le do thoil.

Mise le mórmheas,

Peter O'Donoghue

Peter O'Donoghue OCP – 087-9577605, Jons-Cradock JV N22BBM